RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1293 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Lúnasa 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí áirithe den bhreac dea-dhathach de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, allmhairí ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagal 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá allmhairí den bhreac dea-dhathach de thionscnamh na Tuirce faoi réir dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún ([2]).

(2) BAFA Su Ürünleri Yavru Üretim Merkezi Sanayi Ticaret AŞ ("Bafa"), cód breise TARIC ([3]) B965, is cuideachta í atá faoi réir ráta dleachta frithchúitimh aonair 1,5 % ([4]), agus chuir sí in iúl don Choimisiún tar éis cumasc lena máthairchuideachta gur athraigh sí a hainm go Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat İthalat ve Ticaret A.Ş.

(3) Tar éis don chuideachta a hainm ([5]) a athrú, d'iarr sí ar an gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 a dheimhniú nach ndéanann an t-athrú ainm difear do cheart na cuideachta leas a bhaint as an ráta dleachta frithchúitimh aonair a cuireadh i bhfeidhm uirthi faoin ainm a bhí aici roimhe seo.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a soláthraíodh, agus is é conclúid a bhain sé aisti go raibh an t-athrú ainm cláraithe i gceart leis na húdaráis ábhartha, gur laistigh den ghrúpa cuideachtaí a raibh Bafa páirteach ann a tharla sé, agus nach raibh aon chaidreamh nua ann le grúpaí eile cuideachtaí mar thoradh air, caidreamh nár imscrúdaigh an Coimisiún.

(5) Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún, ná go háirithe don ráta dleachta frithchúitimh is infheidhme maidir leis. Rud eile a dheimhnigh an fhianaise sa chomhad gurbh ón 31 Lúnasa 2020 ab infheidhme don athrú ar an ainm, mar is amhlaidh an lá sin a taifeadadh an t-athrú i gClárlann Tráchtála Bodrum.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí áirithe den bhreac dea-dhathach de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 183, 25.5.2021, lch. 5.

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

([4]) Is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/658 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2020 a forchuireadh an ráta dleachta seo an chéad lá, agus is leis a leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/309 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach ar allmhairí áirithe den bhreac dea-dhathach de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú eatramhach a dhéanamh de bhun Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 155, 18.5.2020, lch. 3).

([5]) Clár Tráchtála Bodrum, Poblacht na Tuirce, ordú fógartha Uimh. 1623 an 31 Lúnasa 2020.

(6) I bhfianaise a bhfuil san aithris thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 a leasú chun ainm athraithe na cuideachta a léiriú, ainm a sannadh roimhe seo do chód TARIC breise B965.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 mar a leanas:

"BAFA Su Ürünleri Yavru Üretim Merkezi Sanayi Ticaret AŞ"	B965

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

"Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat İthalat ve Ticaret A.Ş."	B965

2. Ón 31 Lúnasa 2020, beidh feidhm ag cód breise TARIC, cód B965 a sannadh roimhe seo do BAFA Su Ürünleri Yavru Üretim Merkezi Sanayi Ticaret AŞ, maidir le Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat İthalat ve Ticaret AŞ. Aon dleacht chinntitheach a d'íoc Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat İthalat ve Ticaret AŞ de bhreis ar an dleacht frithchúitimh arna bunú in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/658 agus Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 i ndáil le BAFA Su Ürünleri Yavru Üretim Merkezi Sanayi Ticaret AŞ, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Lúnasa 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21).